

Rannóg Pholasaí, Churaclaim
agus Mheasúnachta,
An Roinn Oideachais agus
Scileanna, Bloc 2, Sráid
Mhaoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1

☎ (01) 8892291



Curriculum and
Assessment Policy Unit,
Department of Education
and Skills, Block 2
Marlborough Street,
Dublin 1

Facs (01) 8892040

IMLITIR 0020/2014

Chuig Príomhoidí agus Boird Bhainistíochta Scoileanna Dara Leibhéal agus Scoileanna Speisialta agus chuig Príomhfheidhmeannaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Socruithe Leasaithe do Chur i bhFeidhm Ghradam Scoláire na Sraithe Sóisearaí

Bliain acadúil 2014/15

1. Réamhrá

Leagann an imlitir seo amach na hathruithe sa tSraith Shóisearach do scoláirí atá ag dul isteach sa chéad bhliain sa bhliain acadúil 2014/15. Tugtar sonraí freisin faoin luas athraithe leasaithe le gnéithe a thabhairt isteach sna blianta amach anseo.

Tabharfar sonrúchán leasaithe an Bhéarla isteach, mar a bhí beartaithe, i Meán Fómhair 2014, do scoláirí céadbhliana. Mar fhreagra ar bhuarthaí a luaigh na comhpháirtithe oideachais faoi luas an athraithe ar an iomlán i bhfeidhmiú na n-athchóirithe sa tSraith Shóisearach, áfach, tá sé beartaithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna gnéithe eile de na hathchóirithe a mhoilliú.

2. Ainm na cáilíochta

Is é Gradam Scoláire na Sraithe Sóisearaí a thabharfar ar cháilíocht nua na Sraithe Sóisearaí atá le tabhairt isteach do scoláirí a bheidh ag dul isteach sa chéad bhliain i Meán Fómhair agus a chríochnóidh an tsraith trí bliana i 2017.

3. Céimniú ar Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí

Tá luas an fheidhmithe don tSraith Shóisearach nua athraithe. Leagtar amach an clár ama leasaithe don fheidhmiú san iarscríbhinn leis an imlitir seo.

4. Sonrúchán an Bhéarla

Cuirfear an sonrúchán nua do Bhéarla na Sraithe Sóisearaí sna scoileanna uile ó Mheán Fómhair 2014. Tá an sonrúchán ar fáil ag www.juniorcycle.ie.

5. Rialacha agus Clár

Don bhliain acadúil 2014/15, leanfaidh na Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna, mar atá leasaithe aici seo agus ag imlitreacha eile, i bhfeidhm.

6. Creat don tSraith Shóisearach

Moltar do scoileanna, agus a gcláir do scoláirí á ndearadh acu, machnamh a dhéanamh ar na prionsabail, na ráitis foghlama agus na príomhscileanna sa Chreat don tSraith Shóisearach agus a mheas cé acu an féidir iad a chur san áireamh ina gcláir scoile.

7. Gearrchúrsaí

Beidh gearrchúrsaí, deartha ag CNCM, ar fáil do scoileanna ó Mheán Fómhair 2014. Beidh sonraí iomlána ar fáil ag www.juniorcycle.ie.

Do scoláirí céadbhlíana sa bhliain acadúil 2014/ 2015

- féadfaidh scoileanna an rogha a dhéanamh na gearrchúrsaí seo a chur san áireamh ina gclár Sraithe Sóisearaí do chúiseanna teastasaithe nó gan teastasú

nó

- féadfaidh scoileanna an rogha a dhéanamh gan na gearrchúrsaí nua a thairiscint agus féadfaidh siad leanúint de na siollabais atá ann cheana san OSPS, san OSSP agus sa Chorpoideachas a thairiscint.

Má roghnaíonn scoileanna gearrchúrsaí a thairiscint, moltar go láidir dóibh gan ach líon beag de ghearrchúrsaí a thairiscint agus cúrsaí dá leithéid a thabhairt isteach de réir a chéile.

8. Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil

Má roghnaíonn scoileanna an siollabas atá ann cheana san OSSP a thairiscint dá scoláirí céadbhlíana atá ag dul isteach san iarbhunscoil i Meán Fómhair 2014, ansin cuirfidh na scoláirí OSSP sin isteach ar theastasú sa bhliain 2017, mar atá sa chleachtas reatha. Déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit na comhchodanna deiridh den scrúdú OSSP do na scoláirí sin a amchlárú, a leagan amach agus a

mharcaíl sa bhliain 2017. Sin í an bhliain deiridh ina mbeidh an scrúdú OSSP á riar ag CSS.

Má roghnaíonn scoileanna an gearrchúrsa nua san OSSP a thairiscint, ansin beidh obair na scoláirí sin á meas ag a múinteoirí trí mheasúnú scoilbhunaithe.

9. Clár Foghlama Leibhéal 2

Más mian le scoileanna Clár Foghlama Leibhéal 2 a chur ar bun dá scoláirí le riachtanais speisialta oideachais, is féidir leo é sin a dhéanamh ó Mheán Fómhair 2014 ag cur san áireamh na nAonad Tosaíochta Foghlama atá ar fáil ag www.juniorcycle.ie.

Díreoidh an clár seo ar riachtanais fhoghlama agus chreidiúnaithe atá ag líon an-bheag de scoláirí áirithe a bhfuil míchumais foghlama ginearálta orthu i gcatagóirí ard-fheidhmithe meánacha agus íseal-fheidhmithe éadroma, áit a gcuireann riachtanais dá leithéid cosc ar scoláirí cuid de na hábhair agus de na gearrchúrsaí atá á dtairiscint, nó iad uile, a rochtain, agus a bhfuil torthaí foghlama dírithe tosaíochta de dhíth orthu.

10. Líon na nÁbhar agus na nGearrchúrsaí

Le himeacht ama, mar thoradh ar athchóiriú na Sraithe Sóisearaí, déanfaidh scoláirí staidéar ar níos lú ábhar do theastasú agus déanfaidh siad staidéar níos doimhne orthu. Leagtar amach sonraí ar na hábhair a thabharfar isteach sa Chreat don tSraith Shóisearach (Roinn Oideachais agus Scileanna, 2012) agus san iarscríbhinn leis an imlitir seo.

Mar sin féin, is athruithe an-teoranta a dhéanfar do scoláirí céadbhliana ag dul isteach san iarbhunscoil i Meán Fómhair 2014.

Ciallaíonn na hathruithe seo gur féidir le scoileanna leanúint den réimse ábhar a bhí á dtairiscint roimh Mheán Fómhair 2014 a thairiscint agus gur féidir le scoláirí cur isteach ar theastasú in ábhair dá leithéid sa bhliain 2017.

Moltar do scoileanna, áfach, tosú ag machnamh ar theorainn a chur le líon iomlán na n-ábhar agus na ngearrchúrsaí atá á dtairiscint acu do scoláirí le haghaidh teastasaithe. Beidh teorainn de dheich n-ábhar iomlána nó a gcoibhéisí, do chúiseanna teastasaithe, ar bun do scoláirí céadbhliana ag dul isteach in iarbhunscoileanna i Meán Fómhair 2015.

11. Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh

Féadfaidh scoileanna a chuireann Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh (CSTS) ar fáil faoi láthair leanúint dá sholáthar.

Déanfar athbhreithniú ar CSTS i 2014. Mar a tugadh le fios roimhe seo, ní ghlacfar le hiarratais nua ar bith le dul isteach sa CSTS go dtí go mbeidh an t-athbhreithniú i gcrích.

12. Forbairt Ghairmiúil

I gcomhthéacs fhorfheidhmiú an Chreata nua don tSraith Shóisearach, chuir an tseirbhís tacaíochta, an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM), tús le clár FGL cuimsitheach agus fadtéarma FGL do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí a sholáthar i nDeireadh Fómhair 2013.

Tá modhanna soláthair FGL éagsúla in úsáid, lena n-áirítear FGL inscoile, cuid de a bheidh á riar ag múinteoirí, chomh maith le ceardlanna as an láthair á dtabhairt ag SSM. Cuireann an soláthar seo san áireamh na riachtanais a luaigh na comhpháirtithe oideachais.

Tá sé riachtanach go mbeidh deiseanna imleor ag na múinteoirí uile leas a bhaint as an FGL sa chaoi is go bhfuil siad go hiomlán eolach faoi na hathruithe sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú atá de dhíth i bhforfheidhmiú an athchóirithe ar an tSraith Shóisearach. Ar an gcúis sin, iarrtar ar bhainistíocht scoile cuidiú le freastal na múinteoirí uile ag na hócáidí FGL seo. Déanfar iarrachtaí leis an gcur isteach ar scoileanna a laghdú a choinneáil íseal; beidh comhoibriú agus comhordú le seirbhísí tacaíochta eile i gceist leis seo.

Tairgfear FGL do cheannairí scoile le linn na tréimhse forfheidhmithe céimnithe.

Cuirfear FGL do mhúinteoirí speisialtóra ábhair ar bhonn rollach de réir mar a thugtar isteach na sonrúcháin ábhair éagsúla. Beidh 4.5 lá FGL ar a laghad ar fáil do mhúinteoirí Béarla uile agus beidh 4 lá FGL ar a laghad ar fáil do mhúinteoirí na n-ábhar eile.

Tá FGL i raon de réimsí eile (m.sh. gearrchúrsaí, Clár Foghlama Leibhéal 2, réimsí ar leith de shonrúcháin ábhair) á cur ar fáil thar am.

13. Forbairt ghairmiúil don Bhéarla

Tá an soláthar de chlár cuimsitheach FGL do mhúinteoirí speisialtóra ábhair chun tacú leis an bhforfheidhmiú ar athchóiriú sa tSraith Shóisearach tosaithe le FGL do mhúinteoirí Béarla sa scoilbhliain reatha. Meabhraítear do scoileanna go n-áiríonn sí seo FGL inscoile do na múinteoirí Béarla sin. Tá sé d'aidhm ag an FGL inscoile seo deis a thabhairt do ranna ábhair tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na hionchuir a fhaightear ó cheardlanna SSM i gcomhthéacs na pleanála agus an ullmhúcháin do theagasc agus d'fhoghlaim laistigh de chomhthéacs a scoile féin.

Ceadófar leibhéal chuí d'ionadaíocht agus cuirfidh SSM iad seo in iúl do scoileanna agus BOOanna. Tá clúdach ionadaíochta ceadaithe do 3 rang (suas le dhá uair an chloig ar a mhéid) in aghaidh an mhúinteora Béarla i ngach ceann de na blianta

acadúla 2013/14 agus 2014/15. Féadfaidh scoileanna agus BOOanna na huaireanta ionadaíochta a éileamh sa ghnáthbhealach.

Féadfaidh scoileanna an soláthar seo a úsáid go solúbtha chun freastal ar a riachtanais féin. Comhlánfaidh agus cuirfidh an t-am seo le ham ar bith atá curtha ar leataobh ag scoileanna nó ag ranna ábhair do dhearadh, ullmhúchán agus pleanáil ar a gclár don tSraith Shóisearach.

14. Forbairt ghairmiúil scoile uile

Tugtar cead do scoileanna dúnadh, faoi réir ag cead ón mBord Bainistíochta, ar feadh lae amháin, nó a choibhéis, gach bliain do FGL scoile uile ar athchóiriú na Sraithe Sóisearaí, mar seo a leanas:

- Lá amháin nó a choibhéis i 2013/2014 (is féidir é seo a thabhairt ar aghaidh go 2014/15 más gá, le húsáid faoi dheireadh na bliana 2014)
- Lá amháin nó a choibhéis sna blianta acadúla 2014/2015, 2015/16, 2016/17, 2017/18, 2018/19, 2019/ 2020, 2020/21 agus 2021/22

Athróidh aidhm an lae seo thar am, ach sa chéim tosaigh is féidir le scoileanna é a úsáid chun tacú le leabú an bhonnchreata ar bhonn na foirne uile. Déanfaidh SSM tuilleadh teagmhála le scoileanna ar an ábhar seo in am trátha.

15. Tuilleadh Eolais

Comhoibriú is ea an suíomh gréasáin www.juniorcycle.ie idir an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus SSM, agus is cuid lárnach é de na struchtúir tacaíochta do scoileanna. Tá eolas ann agus raon d'ábhair phraiticiúla atá ceaptha le tacú le scoileanna.

Tá SSM á óstáil ag Ionad Oideachais Mhuineacháin agus is féidir teagmháil a dhéanamh leo ag info@jct.ie nó Teil. 047 74000.

16. Ginearálta

Le do thoil, tarraing aird na múinteoirí uile i do scoil ar an Imlitir seo agus tabhair cóip freisin do bhaill de bhord bainistíochta na scoile.

Is féidir an Imlitir seo a rochtain freisin ag www.education.ie.

Breda Naughton
Príomhoifigeach
10 Márta 2014

Iarscríbhinn: Céimniú Leasaithe

Forfheidhmiú Céimnithe na Sraithe Sóisearaí

2014-2015

- Tabharfar **sonrúchán ábhair** sa Bhéarla isteach do scoláirí ag dul isteach sa chéad bhliain i 2014.
- Ní thabharfar **gearrchúrsaí** isteach ach do na scoileanna sin atá sásta a dhéanamh amhlaidh i Meán Fómhair 2014.
- Beidh Cláir Foghlama Leibhéal 2 do scoláirí le riachtanais oideachais speisialta ar fáil ó Mhéan Fómhair 2014.

2015-2016

- **Sonrúchán ábhair** san Eolaíocht le tabhairt isteach do scoláirí ag dul isteach sa chéad bhliain i Meán Fómhair 2015.
- Is féidir le scoileanna **gearrchúrsaí** a roghnú ach moltar dóibh gan ach líon beag a thabhairt isteach **de réir a chéile**.

2016-2017

- **Sonrúcháin ábhair** sa Staidéar Gnó agus sa Ghaeilge le tabhairt isteach do scoláirí ag tosú i Meán Fómhair 2016.
- Beidh **trialacha caighdeánaithe** sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic ar bun in earrach na bliana 2017 do scoláirí na dara bliana.

2017-2018

- **Sonrúcháin ábhair** san Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh agus sna Nuatheangacha le tabhairt isteach do scoláirí ag tosú i Meán Fómhair 2017.
- **Trialacha caighdeánaithe** sa litearthacht eolaíochta, agus sa Ghaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, le tabhairt isteach in earrach na bliana 2018.

2018-2019

- **Sonrúcháin ábhair** san Eacnamaíocht Bhaile, Ceol, Tíreolaíocht agus Matamaitic le tabhairt isteach do scoláirí ag dul isteach sa chéad bhliain i Meán Fómhair 2018.

2019-2020

- **Sonrúcháin ábhair** sa Stair, sna Teicneolaíochtaí, sa Léann Giúdach, san Oideachas Reiligiúnda agus sna Clasaicí le tabhairt isteach do scoláirí ag dul isteach sa chéad bhliain i Meán Fómhair 2019.

Céimeanna Na Sonrúchán Ábhair

CÉIM 1

BÉARLA

Tugtha isteach do lucht na chéad bhliana i 2014-2015. An chéad teistiúchán i bhfómhar na bliana 2017.

CÉIM 2

EOLAÍOCHT

Tugtha isteach do lucht na chéad bhliana i 2015-2016. An chéad teistiúchán i bhfómhar na bliana 2018.

CÉIM 3

STADÉAR GNÓ & GAELIGE

Tugtha isteach do lucht na chéad bhliana i 2016-2017. An chéad teistiúchán i bhfómhar na bliana 2019.

CÉIM 4

EALÁÍN, CEARDAÍOCHT, DEARADH, NUATHEANGACHA

Tugtha isteach do lucht na chéad bhliana i 2017-2018. An chéad teistiúchán i bhfómhar na bliana 2020.

CÉIM 5

EACNAMAÍOCHT BHAILE, CEOL, TÍREOLAÍOCHT, MATAMAITIC

Tugtha isteach do lucht na chéad bhliana i 2018-2019. An chéad teistiúchán i bhfómhar na bliana 2021.

CÉIM 6

STAIR, TEICNEOLAÍOCHTAÍ, STADÉAR GIÚDACH, OIDEACHAS REILIGIÚNDA, CLASAICÍ

Tugtha isteach do lucht na chéad bhliana i 2019-2020. An chéad teistiúchán i bhfómhar na bliana 2022.